

# ÍOSAEF AGUS A CHÓTA IOLDAITE

## Foireann

Iacób

Reúbaen

Simeon

Léiví

Naftálaí

Íosácár

Áiséar

Dán

Zabúlun

Gád

Biniáimin

Iúdá

Íosaef

Faró

Giolla 1

Giolla 2

Scéalaí 1

Scéalaí 2

*Ag tús an dráma, tá gach duine ar an stáitse. Tá Iacób ina shuí ar stól, i lár chun tosaigh. Tá na deartháireacha i bhfoirm “V” ag dul siar ó Iacób, seisear ar gach taobh. Tá beirt scéalaithe chun tosaigh ar thaobh an stáitse. Tá na daoine i líne trasna ag cúl an stáitse. Canann na scéalaithe an chéad véarsa. Canann gach duine “Iacób ’s a chlann”. Ag “Mise Reúbaen” srl. Tagann na deartháireacha amach, duine i ndiaidh a chéile, ag glaoch amach a n-ainmneacha agus ag dul “crios cross” trasna an stáitse, go mbíonn siad uilig i bhfoirm “^” chun tosaigh ó Iacób.*

#### IACÓB ’S A CHLANN

Dhá mhíle bliain sular rugadh an Críost  
Bhí cónaí ar seanfhear i gceantar Chanáin  
Fear maith ionraic ab ea Iacób  
Dáréag mac a bhí aige mar chlann

Iacób, Iacób ’s a chlann  
Ag feirmeoireacht a chaith siad an lá  
Iacób, Iacób ’s a chlann  
Ó chaoirigh na páirce a fuair siad a bpá

(Na buachaillí)

Mise Reúbaen  
Mise Simeon  
Mise Léiví  
Mise Naftálaí  
Mise Íosácár  
Mise Áiséar  
Mise Dán  
Mise Zabúlun  
Mise Gád  
Mise Biniáimin  
Mise Iúdá  
Mise Íosaef

Iacób, Iacób ’s a chlann  
Ag feirmeoireacht a chaith siad an lá  
Iacób, Iacób ’s a chlann  
Ó chaoirigh na páirce a fuair siad a bpá

Íosaef an mac ab fhearr le Iacób  
Do cheannaigh Iacób cóta deas dó  
Cóta mór ioldaite, cóta álainn  
Cóta galánta, cóta ornáideach

Iacób, Iacób ’s a chlann

Ag feirmeoireacht a chaith siad an lá  
Iacób, Iacób 's a chlann  
Ó chaoirigh na páirce a fuair siad a bpá

Iacób, Iacób 's a chlann  
Iacób, Iacób 's a chlann  
Iacób, Iacób 's a chlann  
Iacób, Iacób, Iacób.

*Le linn an chéad amhráin eile “Cóta Íosaef” tagann giolla amach leis an gcóta agus tugann sé do Iacób é. Tugann Iacób an cóta do Íosaef agus téann sé timpeall ag taispeáint an chóta dá dheartháireacha, ionadh agus áthas orthu.*

*Ag “Is nuair a chuir sé ‘n cóta air” cuireann Iacób an cóta ar Íosaef, bogann Íosaef timpeall an stáitse ag damhsa agus ag luascadh an chóta. Ag deireadh an amhráin leanann an ceol ar aghaidh agus casann Íosaef timpeall, a chúl leis an lucht féachana agus ardaíonn sé a lámha chun cúl an chóta a thaispeáint.*

#### CÓTA ÍOSAEF

Íosaef, ba é an mac ab fhearr lena dhaid  
Níl aon dabht faoi, mheall sé croí an tseanleaid  
‘gus cheannaigh Iacób cóta dó  
Ceann álainn nua ioldaite

Bhí an cóta faiseanta sa stíl ab fhearr  
A d’fhéadfaí fáil sa tír sin nó i dtír thar lear  
Greim ar ghreim, snáth ar shnáth  
Ba chóta álainn é

(Curfá)

‘S nuair a chuir sé ‘n cóta air  
Ní raibh a shárú thiar ná thoir  
A leithéid de chóta breá ioldaite  
Bhí sé néata, galánta ‘is greanta  
Bhí sé oiriúnach gach lá  
D’fheadfaí snámh ann dá mbá ghá  
A leithéid de chóta breá ioldaite  
Bhí sé néata, galánta ‘is greanta  
Bhí sé dearg, is buí, is glas, is gorm, is donn.

*Imíonn gach duine eile ón stáitse ach amháin Iacób, Íosaef agus na deartháireacha.*

**Íosaef:** A dhaid, go raibh míle, míle maith agat. Tá an cóta go hálainn.

**Iacób:** Tá fáilte romhat a mhic.

**Íosaef:** Is breá liom é. Tá sé chomh gleoite, go hálainn...

*Imíonn an bheirt acu ón stáitse, lámha timpeall ar a chéile.*

**Scéalaí:** Chuir cóta Íosaef fearg ar na deartháireacha.

**Deartháireacha:** (go feargach)

1: Níl sé ceart na cóir.

**Gach duine:** Níl, níl.

2: Cén fáth ar cheannaigh daid cóta dó?

**Gach duine:** Níl a fhios againn.

3: Íosaef, an mac is fearr le daid.

4: Ach cén fáth? Bím ag obair go dian sna páirceanna gach lá.

5: Mise freisin.

6: Agus mise.

7: Agus mise.

8: Ach is cuma le daid.

**Gach duine:** Is cuma cinnte.

8: Ach is iad na brionglóidí a bhíonn ag Íosaef is mó a chuireann as dom.

9: ‘Sea, sea.

10: Ceapann sé go bhfuil sé níos tábhachtaí ná muidne.

**Gach duine:** Ceapann, ceapann.

1: É féin agus a chuid brionglóidí.

2: Caithfimid rud éigin a dhéanamh.

**Gach duine:** Caithfidh.

3: Ach cad is féidir linn a dhéanamh?

1: Is féidir linn é a mharú.

**Gach duine:** Maróidh muid é.

2: Fan nóiméad. Is féidir linn é a dhíol agus airgead a fháil air.

4: Tá sin cliste.

1: Ach cé a cheannóidh é?

*Ag an am seo tagann grúpa ón Éigipt ar an stáitse. Tagann Íosaef ar an stáitse ón taobh eile agus a chóta ioldaite air. Beireann na deartháireacha greim air.*

2: (ag caint leis na hÉigiptigh) Ar mhaith libh sclábhaí a cheannach?

*Déantar an margadh. Caitheann siad ar an urlár é agus baineann siad an cóta ioldaite de.*

1: Seo é. Tóg é.

2: Tóg anois é.

**Gach duine:** Slán leat a Íosaef dhil. Slán.

*Amach leis na hÉigiptigh agus Íosaef leo.*

- 3: Tá sé imithe.  
2: Tá deireadh leis anois.

*Tagann grúpa ar an stáitse agus déanann siad ciorcal mór. Téann na deartháireacha siar agus isteach mar chuid den chiorcal.*

**Scéalai:** San Éigipt, caitheadh Íosaef isteach i bpríosún.

*Caitear Íosaef isteach sa chiorcal. Titeann sé ar a ghlúine, i lár an chiorcail.*

**Scéalai:** Bhí Íosaef an-bhrónach agus an-uaigneach ar fad.

*Tá slabhraí móra ar lámha Íosaef. Tá na cinn thíos ag gach duine sa chiorcal. Nuair a thosaíonn Íosaef ag canadh, tagann sé amach as an gchiorcal. Le linn an amhráin, cuireann se na lámha in airde agus chun tosaigh leis na slabhraí a thaispeáint. Tá Íosaef an-bhrónach. Ag deireadh an amhráin, téann Íosaef ar ais isteach sa chiorcal, agus dúnann an ciorcal. Leanann an ceol ar aghaidh, imíonn an ciorcal, duine ar dhuine, agus níl fágtha ar an stáitse ach Íosaef, ina shuí go brónach. Solas síos ar an stáitse agus é dorcha. Imíonn Íosaef ansin.*

#### DÚN ACHAN DORAS

Dún achan doras, múch achan solas,  
Dún achan doras, múch achan solas,  
Tá mé i m'aonar, éalú ní féidir,  
Slán, slán go deo, ní féidir éalú.  
Ach ná bíodh brón ort,  
Is ná bíodh sceon ort,  
Déanfaidh mé aithrí  
'is obair atá dian.  
Dún achan doras, múch achan solas,  
Dún achan doras, múch achan solas,  
Síocháin i mo chroí 'is mé i mo luí,  
Tá Dia liom i gcónaí,  
Tá Dia liom im' chroí.  
Dún achan doras, múch achan solas,  
Dún achan doras, múch achan solas.

*Tagann Iacób ar ais ar an stáitse, beirt ghiollaí ag cabhrú leis. Suíonn sé ar stól i lár an stáitse. Cúpla cailín ina suí ar an urlár ag freastal air. Le linn do Iacób srl. ag teacht ar an stáitse, bíonn an bheirt scéalaithe ag caint.*

**Scéalai 1:** Íosaef bocht, céard a dhéanfaidh sé? 'Trua liom é, 'trua liom é.

**Scéalai 2:** Chuaigh deartháireacha Íosaef ar ais chuig Iacób le hinsint dó go raibh Íosaef marbh.

*Deartháireacha ag teacht isteach duine i ndiaidh a chéile, go brónach.*

**Deartháireacha:**

- 1: A athair, tá scéal againn duitse.  
2: Sea, drochscéal faoi do mhac.

*Seasann siad ar gach taobh den athair. Na deartháireacha eile suíonn siad ar an urlár ar gach taobh de Iacób.*

- 3: Ó scéal atá fíorbhrónach.  
4: Faoi fhear deas cróga séimh.  
5: Tá a fhios agat a athair dhil.  
6: Nach bhfuil sé ann anois.  
7: Ach ná bí brónach.  
8: Ná déan gol.  
9: Níor mhaith leis é mar sin. *Ag ceol.*

*Le linn an ama seo, tagann na daoine eile isteach agus seasann siad i líne ag cúl an stáitse.*

AINGEAL NUA AR NEAMH  
A athair, tá scéal againn duitse.  
Sea, drochscéal faoi do mhac.  
Ó scéal atá fíorbhrónach.  
Faoi fhear deas cróga séimh.  
Tá a fhios agat a athair dhil.  
Nach bhfuil sé ann anois.  
Ach ná bí brónach.  
Ná déan gol.  
Níor mhaith leis é mar sin.

(Curfá)

Tá réalta nua sna spéartha  
Tá aingeal nua ar neamh  
Íosaef a chroí tá tú cailte  
Ach caithfidimid féin dul ar aghaidh  
Tá bearna ag an mbord dinnéir  
Tá deoir i mo shúil go síoraí  
Íosaef, a pheata ár n-athar  
Beidh tú go deo inár gcroí.

*Le linn an amhráin bíonn an grúpa ag luascadh go bog ó thaobh go taobh. Is féidir an curfá a chanadh dhá uair. Ag deireadh an amhráin imíonn Iacób le cabhair ó na giollaí. Leanann na deartháireacha Iacób go taobh an stáitse ag fágáil slán leis, iad an-bhrónach ar fad. Athraíonn tempo an cheoil go gasta bríomhar. Léimeann na deartháireacha timpeall an*

*stáitse agus ansin déanann siad uilig damhsa “line dancing”. An ceol céanna “Aingeal Nua ar Neamh”. Ag an deireadh tagann Iacób ar ais ar an stáitse ag iompar an chóta.*

**Scéalaí:** *Ag canadh. Iacób bocht, ó céard a dhéanfaidh sé,  
‘trua liom é, ó céard a dhéanfaidh sé.*

*Gach duine imithe ón stáitse ag an am seo ach amháin Iacób agus an bheirt scéalaithe.*

**Iacób:** *Go brónach. Íosaef bocht, mo mhac álainn. Tá mo chroí briste. Tá tú imithe.  
Céard a dhéanfaidh mé?*

*Imíonn Iacób den stáitse go mall. Soilse síos agus ceol ciúin.*

**Scéalaí:** *Ag an am seo, bhí Faró ina rí ar an Éigipt. Duine láidir cumhachtach ab ea é  
ach bhí fadhb uafásach aige.*

*Le linn don scéalaí bheith ag caint, tagann Faró agus a entourage ar an stáitse. ‘Fhad is atá  
na scéalaithe ag caint, déanann Faró aisteoireacht ar an scéal.*

**Scéalaí 2:** *Faró bocht. Bhí fadhb aige. Ní raibh sé in ann codladh. Bhí brionglóidí  
aisteacha aige. Níor thuig sé na brionglóidí seo. Bhí sé i gcruachás. Céard a  
dhéanfaidh sé?*

**Scéalaí 1&2:** *Ag canadh.*

*Faró bocht, ó céard a dhéanfaidh sé?  
‘Trua liom é, ó céard a dhéanfaidh sé?  
Faró bocht, ó céard a dhéanfaidh sé?  
‘Trua liom é, ó céard a dhéanfaidh sé?*

**Giolla 1:** *Cuir fios ar Faró.*

**Giolla 2:** *Cuir fios ar Faró.*

**Giolla 3:** *Cuir fios ar Faró.*

**Giolla 4:** *Cuir fios ar Faró.*

**Faró:** *Cé hé Íosaef?*

**Giolla 1:** *Duine cliste é, ana-chliste.*

**Giolla 2:** *Is féidir leis brionglóidí a mhíniú.*

**Faró:** *Brionglóidí a mhíniú?*

**Giollaí:** *Sea, sea.*

**Faró:** *Ach cá bhfuil an Íosaef seo?*

**Giollaí:** *Tá sé i bpríosún.*

**Faró:** *I bpríosún?! Faigh é, faigh díreach anois é.*

**Giollaí:** *Cinnte! Cinnte Faró.*

*Amach le Faró.*

**Giollaí:** Íosaef, Íosaef tar linn anois. Tá Faró ag fanacht leat.

*Amach leo agus isteach le grupa le streamers ó na lámha agus déanann siad damhsa agus canann siad.*

TÉIGH, TÉIGH ÍOSAEF  
Téigh, téigh, téigh Íosaef  
Tá Faró ag gaoch  
Téigh, téigh, téigh Íosaef  
Tá fadhb le réiteach  
Sha lá lá Íosaef, tá tallann agat,  
Úsáid do thallann, tabhair cabhair dó.  
Téigh, téigh, téigh Íosaef  
Tá Faró ag gaoch  
Téigh, téigh, téigh Íosaef  
Tá fadhb le réiteach  
Sha lá lá Íosaef, tá tallann agat,  
Úsáid do thallann, tabhair cabhair dó.

*Roimh dheireadh an amhráin tagann Íosaef aníos tríd an ghrúpa, go barr an stáitse. Athraíonn an ceol go “Bop bop sha-waddy-waddy” / “Song of the Kings”. Gach uile duine ag bogadh nó ag damhsa. Tagann cúpla cailín isteach ó “Harem” isteach agus luíonn siad ar an urlár ar chuisíní móra. Ansin ritheann Faró isteach gléasta mar Elvis. Tá handheld microphone bréige ina lámh aige. Bíonn “ohs/ooohs/ahhs” ó na cailíní nuair a fheiceann siad Faró ag teacht isteach ó chúl an stáitse, anois i lár an stáitse go dtí an barr. Tosaíonn Faró ag canadh ag bogadh timpeall an stáitse. Canann gach duine “Bop bop sha-waddy-waddy”. Canann Faró gach rud eile. Ansin canann Íosaef an “míniú”. Nuair a iarrann Faró ar Íosaef bheith mar chara aige, glacann Íosaef leis. Cuireann Faró clóca nua ar Íosaef agus coróin ar a cheann.*

#### AMHRÁN NA RÍTHE

Bhíos ag siúl go mall ar bhruach na habhann  
Tháinig seacht mbó ramhar amach as an Níl  
A há, bop bop sha-waddy-waddy, bop bop sha-waddy-waddy,  
Ag teacht ar chúl na n-ainmhithe sin  
Bhí seacht mbó eile a bhí tanaí ‘is caol  
A há, bop bop sha-waddy-waddy, bop bop sha-waddy-waddy  
Agus d’ith na ba tanaí na ba a bhí ramhar  
A há, bop bop sha-waddy-waddy, bop bop sha-waddy-waddy  
Ach níor éirigh siad níos raimhre  
Cé gur ith siad suipéar mór mar sin  
A há, bop bop sha-waddy-waddy, bop bop sha-waddy-waddy  
Na ba a bhí tanaí, mo bhrón



Is mar sin a bhí í gcónaí  
*Baroom, baroom, baroom, baroom*  
An bhrionglóid seo, ní thuigim í  
Íosaef mínigh dom í  
Bhuel is cliste sinn mar ríthe  
An bhrionglóid seo ní thuigim  
A Íosaef cabhraigh liomsa  
Le do thoil, Ó cabhraigh liom

**(Íosaef)**

(*Ag labhairt*) Flúirse, flúirse bia le seacht mbliana  
(*Ag ceol*) Flúirse, ithe agus ól beidh áthas ar na daoine  
Scéal go dona, beidh gorta ann  
Beidh ocras ar na mílte

**(Faró)**

Ó aililiú duine cliste é Íosaef  
'S féidir leis a mhíniú dom an bhrionglóid seo a bhí agam  
Cabhraigh liomsa le do thoil  
Cabhraigh liom a Íosaef  
Bí mar chara ag Faró bocht, is  
Bí mar chara don Éigipt

**Scéalai:** Nuair a tháinig an gorta, bhí dóthain bia ar fáil san Éigipt. A bhuíochas sin do Íosaef. Ach ní mar sin a bhí sé ag clann Íosaef sa bhaile i gCanán.

*Déantar dhá leath den stáitse. Grúpa Faró agus Íosaef ar leath amháin. Tagann an grúpa ó Chanán isteach sa leath eile le linn an amhráin.*

**Teacht na ndeartháireacha chun na hÉigipte**

Bhí an saol go dona i gCanán  
Do Iacób is dá mhic, mo léan  
Ní raibh rud ar bith insna sciobóil  
Bhí siad tanaí, bhí siad tinn  
Gan aon rud le hithe nó le hól  
Tá sé in am dul go dtí ceantar Joe  
Don Éigipt gan stad ar aghaidh leo

*Canann gach duine an t-amhrán seo faoi dhó, go dtí go mbíonn muintir Canáin uilig ar an stáitse. Gluaiseann siad go mall, ag iompar a chéile.*

**Deartháireacha:**

1: Cabhraigh linn

- 2: Tá ocras orainn  
3: Táimid ag fáil bháis  
4: Tabhair bia dúinn  
5: Déan trócaire orainn

*Téann Íosaef trasna chucu.*

**Íosaef:** Tá flúirse bia againn anseo. Tabhair bia dóibh.

*Tugann giollaí Faró málaí bia dóibh agus gabhann siad buíochas leis.*

**Scéalaí:** *Ag canadh.*

Málaí, málaí lán go barr,  
Go raibh maith agat arsa na deartháireacha.

**Deartháireacha:**

- 1: Go raibh míle maith agat  
2: Shábháil tú muid  
3: Go raibh maith agat  
4: Tá tú an-chineálta  
5: Míle, míle buíochas

**Íosaef:** *Ag cúl an stáitse. Iad seo mo dheartháireacha. Ní aithníonn siad mé. Níl a fhios agam an bhfuil athrú chroí tagtha orthu. Tá mé chun iad a thriail. Cuirfidh mé an cupán seo i mála Bhiniáimin.*

**Scéalaí:** *Ag canadh.*

Málaí, málaí lán go barr,  
Go raibh maith agat arsa na deartháireacha  
Go tapa is go ciúin rith Íosaef amach  
Mála Bhiniáimin óig chuir cupán isteach  
Tá sé in am dul abhaile anois  
Stopaigí, stadaigí, stopaigí, stadagaí  
Ah nó, nó, nó

**Íosaef:** Tá gadaí anseo.

**Scéalaí:** Chuardaigh sé an mála a bhí ag gach deartháir. Bhíodar neirbhíseach, cad sa diabhal a bhí cearr. Cé a thóg é? Cé a ghoid é?

- |                   |        |
|-------------------|--------|
| An é Reúbaen é?   | Ní hé. |
| An é Simeon é?    | Ní hé. |
| An é Léiví é?     | Ní hé. |
| An é Naftála é í? | Ní hé. |
| An é Íosácár é?   | Ní hé. |
| An é Áiséar é?    | Ní hé. |
| An é Dán é?       | Ní hé. |
| An é Zabúlun é?   | Ní hé. |
| An é Gád é?       | Ní hé. |

An é Iúdá é?  
An é Biniáimin é?

Ní hé.  
'Sé, 'sé, 'sé.

*Éiríonn an cheist agus an freagra in crescendo an t-am ar fad. Arís téann na deartháireacha crios cross trasna an stáitse ag taispeáint na málaí. Nuair a thiteann an cupán amach as mála Bhiniáimin, caitheann sé é féin síos ar an talamh.*

### **BINIÁIMIN CALYPSO**

Oh nó, ní hé  
Níl dabht dá laghad againne faoi  
Sábháil é, tóg mé  
Tá Biniáimin ionraic tríd is tríd  
Cloisim ceol binn ar an ngaoth  
Ceol ag rá nach ciontach é  
An gcloiseann tú an ceol breá sin?  
É ag rá go bhfuil sé linn,  
Ó sea, ó sea, is fíor, is fíor  
Tá Biniáimin gan mhilleán tríd is tríd  
Labharadar d'aon guth  
Tá muidne go léir ciontach  
Dhíolamar ár ndeartháir dil  
Tá brón mór orainn anois  
Oh nó, ní hé  
Níl dabht da laghad againne faoi  
Sábháil é, tóg mé.

**Scéalaí:** Tá a fhios ag Íosaef gur cneasta iad na deartháireacha anois. Ghlac sé trua dóibh agus chuir sé é féin in aithne dóibh.

*Fáisceann siad a chéile.*

**Scéalaí:** Tá sé in am dóibh go léir teacht le chéile arís.

*Gach duine ar an stáitse...tagann Iacób isteach le cóta ioldaithe Íosaef.*

### **TABHAIR DOM MO CHÓTA MÓR**

Go domhain im' chroí  
Nuair a bhím ag machnamh  
Déanaim é cheistiú an seanídeal

Mórthimpeall orm  
Daoine ag brostú

Gan suim, gan smaoineamh  
Ar an rud atá fíor

Do chuir mé orm  
Mo chóta álainn  
Cóta ioldaite na mbrionglóidí

Is b'fhacas dom  
Gur mhúscail daoine  
Iad ag lorg míniú  
Agus aidhm sa saol

Ansin do phreab, le lasrach geal  
D'imigh uaim mo chóta breá  
D'ídigh dath is d'fhill an oíche  
Is fágadh mé liom féin

Ba mhaith liom dul ar ais lá éigin  
Filleadh ar m'óige  
Agus tosú arís

Ar fud an domhain  
Tá daoine ag fanacht  
Gan treoir is tuiscint  
Ar na brionglóidí

Tabhair dom mo chóta mór  
Mo chóta álainn mór  
Tabhair dom mo chóta mór  
Cóta na mbrionglóidí

Tabhair dó a chóta mór  
A chóta álainn mór  
Tabhair dó a chóta mór  
A chóta breá ioldaite